
# SCÉAL, SCÉAL, SCÉAL…

*scéilíní, nuaíocht agus fógraí as Cois Fharraige*

27 Meitheamh 2024 | Eagrán 202




Beannachtaí óna cuid comharsan sna Forbacha ar Aifric Keogh
Grianghraf: Mícheál Ó Lochlainn

## Tomás Ó Neachtain RIP



Bhásaigh Tommy Tom Pheaits Eoghain Ó Neachtain as Baile ’n tSagairt sa Spidéal ar an 19 Meitheamh. Oileadh mar mhúinteoir adhmadóireachta é i Sráid Bolton sna caogaidí agus chaith sé a shaol gairmiúil i scoileanna éagsúla de chuid Choiste Gairmoideachais Chontae na Gaillimhe.

Bhí an-aithne ar Tommy ar fud Chois Fharraige de bharr a chuid blianta mar mhúinteoir adhmadóireachta i gColáiste Cholmcille go háirid. Bhíodh tóir ar leith ar na ranganna oíche a bhíodh á dteagasc aige i rith an gheimhridh agus níos mó tóir orthu, seans, de bharr an spraoi agus an tseanchais a bhíodh idir na rannpháirtithe seachas na baill troscáin bhreátha, phraiticiúla a déanadh!

Ceardaí den scoth ab ea é, é pointeáilte, críochnúil, agus tá neart samplaí dá shaothar le feiceáil agus in úsáid, ní hamháin ina theach féin ach i dtithe ar fud an cheantair. Tugadh crois a rinne Tommy chun na haltóra le linn a shochraide; crois a bhfuil an-mheas uirthi i measc a mhuintire agus a bhíonn i láthair ag tórraimh na muintire.

Bhí Tommy an-bhródúil as a dhúchas Gaeltachta, agus é fíor-dhílis don Spidéal. D’imríodh sé féin agus a dheartháireacha, Pádhraic agus Peadar, iad beirt ar shlí na fírinne i bhfad roimhe, peil agus iománaíocht don Spidéal. Fear mór cuimhní cinn agus scéalta ab ea é agus bhainfeadh sé an-sásamh go deo as a bheith ag dul siar ar bhóithríní na smaointe, ag cur síos ar eachtraí beaga agus móra, rudaí fánacha agus rudaí tromchúiseacha, a tharla i gceantar an Spidéil fadó agus é in ann gach ar dúradh agus an té a dúirt é a thabhairt leis.

Ba é an té ba shine i mBaile ’n tSagairt agus ba é an duine deiridh de chlann Tom agus Jude é.

Déanann muid comhbhrón lena bhean Mairéad, lena chlann Aodán, Fionnuala, Félim, Siubhán, Nollaig, Éadaoin agus Aonghus, lena gcéilí agus lena gharchlann.

Solas na bhFlaitheas go raibh aige.

## Comórtais Liteartha an Oireachtais

Tá seachtain breise fógartha le deis a thabhairt do scríbhneoirí cur isteach ar Chomórtais Liteartha an Oireachtais 2024! Tá síneadh ama seachtaine á thabhairt dóibh iontrálacha a chur isteach ar Chomórtais 2024.

Tá réimse leathan i gceist ar chlár na gComórtas Liteartha i mbliana. Tá úrscéal, gearrscéal, ficsean d'fhoghlaimeoirí fásta, prós, filíocht, iriseoireacht, greannán, drámaíocht agus eile mar rogha ag scríbhneoirí. Tá rannóga ann do scríbhneoirí fásta, do dhaltaí bunscoile is iarbhunscoile agus do mhic léinn triú leibhéal. Is iomaí duine i gceantar Chois Fharraige a bhuaigh duaiseanna thar na blianta. Is meabhrú é seo daoibh an saothar atá idir lámha agaibh a chríochnú agus a chur ar aghaidh! Tá duaischiste de os cionn €30,000 thar na comórtais uilig.

Má tá aon cheist agat faoi aon cheann de na comórtais, déan teagmháil le **eolas@antoireachtas.ie** nó cuir glaoch ar 01 475 3857.


Glacfar le hiarratais go dtí 8 Iúil 2024.

## Maidin Chaife

Ná dearmad go mbeidh an mhaidin chaife mhíosúil á reáchtáil ag an bhFóram ar an Aoine 4 Iúil sa gCruiscín Lán ag 11.00 r.n.

Ócáid í seo a bhíonn ar bun ar an gcéad Aoine de chuile mhí i sráidbhaile an Spidéil le deis a thabhairt do dhaoine seanbhunaithe sa gceantar agus nua-thagtha isteach sa gceantar casadh lena chéile, aithne a chur ar a chéile agus tacú leo siúd ar mian leo tógáil ar an méid Gaeilge atá acu.

Níl le déanamh ach bualadh isteach agus ní call aithne a bheith agat ar aon duine roimh ré.




Beidh cairde ann romhat!

## Campa Ealaíne 7 Aireachais

Tá an saineolaí aireachais, Katie Mc Greal, agus an t-ealaíontóir, Nuala Ní Fhlathúin, ag reáchtáil campa aireachais agus ealaíne tré mheán na Gaeilge ag tús mhí Lúnasa sa Spidéal. Bainfear leas as an aireachas le teagmháil a dhéanamh leis an tsamhlaíocht agus beidh go leor spraoi le hábhair éagsúla ealaíne ann chomh maith. Beidh spraoi agus foghlaim ar bun in éindí rud a thabharfaidh deis do ghasúir scileanna nua a chleachtadh. Cuirfear na hábhair ar fad ar fáil.

Beidh an campa ar siúl sa seomra pobail atá ag Comhlacht Forbartha an Spidéil, ó thuaidh den cheardlann/GTeic, idir an 7ú–9ú Lúnasa ón 9 r.n. go dtí 1 i.n.

Tá an campa feiliúnach do ghasúir idir 6–11 bliain d'aois. Má tá ceisteanna agat nó tuilleadh eolais uait, déan teagmháil le Katie ag **katie@solasrelaxation.com**.




## Coiste Pháirc Ros an Mhíl

Tá coiste nua tofa le cúram a dhéanamh de bhainistiú Pháirc Ros an Mhíl.

Ghairm Coiste Pobail Ros an Mhil cruinniú le gairid le plé a dhéanamh ar a raibh i ndán don pháirc ar an g*canal*. De thoradh an chruinnithe, toghadh ochtar atá faoi chathaoirleacht Mhichíl Uí Chonghaile agus iad ar bís le dul i mbun oibre. Páirc ar leith í an pháirc seo, an t-aon pháirc i gceantar Chois Fharraige nó Chonamara nach bhfuil faoi úinéireacht ag aon chumann spóirt ar leith. Tá sí ar fáil d'aon chumann agus d'aon chód a mbíonn ionad traenála nó imeartha uathu; rud a fhágann go bhfuil ard-éileamh ar áiseanna na páirce.

Buntáiste mór freisin a lárnaí is atá sí suite le gur féidir le muintir Chois Fharraige dul siar chuici nó le muintir na nOileán nó Iorras Aithneach teacht aniar nó aduaidh chuici. Bíonn peileadóirí Árann ag tarraingt ar an bpáirc chomh maith.

Guíonn muid chuile rath ar an gcoiste nua.

## Comhghairdeachas le Siobhán!

D'fhógair na hAirí na Gaeltachta, Catherine Martin 7 Thomas Byrne, ar an gCéadaoin go bhfuil Siobhán Ní Ghadhra as na hAille ceaptha ina Cathaoirleach ar Údarás na Gaeltachta.

Is léiritheoir teilifíse í Siobhán, a bhfuil taithí na mblianta aici i réimse na teilifíse, na beochana agus sa gcraoladh beo. Thosaigh sí le Roger Corman ar an Tulach. Ceapadh mar Phríomhoifigeach Oibriúcháin í le Telegael sa mbliain 2012. I 2015, bhunaigh sí féin agus a fear John Brady Danú Media agus is cinnte gurb é Ros na Rún an táirge is mó a bhfuil eolas ag an bpobal air. Tá duais Emmy bainte amach ag Siobhán agus bhuaigh sí gradam don Chéad Ghnéscannán Éireannach is Fearr ag Fleadh Scannán na Gaillimhe dá scannán *Sanctuary*.

Ceapachán go dtí deireadh na bliana seo atá ann mar go bhfuil sé i gceist ag an rialtas na toghcháin do Bhord Údarás na Gaeltachta a thabhairt ar ais. Dúirt an tAire Stáit Thomas Byrne san Aibreán go raibh sé ag iarraidh go gcuirfí an reachtaíocht trí Thithe an Oireachtais roimh shos samhraidh na Dála. Beidh an Dáil ag dul ar scor ar an 11 Iúil.

Guíonn muid chuile rath ar Shiobhán agus í i mbun a cuid dualgas nua.



## Féasta Ceoil an Spidéil

Tá ag éirí thar barr le Féasta Ceoil an Spidéil, atá ar bun i Stiúideó Cuan agus gan ach cúpla ceolchoirm fágtha faoin tráth seo. Beidh na High Seas ar fáil ar an Aoine 28 Meitheamh. Buíon iad seo as ceantar Ghaoth Dobhair; ceoltóirí a bhfuil an-aithne orthu i gCois Fharraige. Ciarán Ó Maonaigh, fidiléara, a bhean Caitlín Nic Gabhann, a chasann an consairtín agus gur damhsóir cumasach í agus an t-amhránaí agus téad-cheoltóir Cathal Ó Cuireáin. Is í Zoë Conway a chuirfidh clabhsúr leis an tsraith iontach seo. Is veidhleadóir sárchumasach í Zoë, a bhfuil oiliúint uirthi sa traidisiún clasaiceach agus sa gceol dúchasach. Bíonn sí féin agus a fear céile John Mc Intyre ag casadh ar fud an domhain, agus ceolchoirmeacha curtha i láthair acu i gCarnegie Hall i Nua Eabhrac, i bPálás na Creimile i Moscó agus go rímhinic sa gCeoláras Náisiúnta i mBaile Átha Cliath.

Tá ticéid le fáil ar Eventbrite.


## Tionól Gaeltachta 2024

Eagraíonn Conradh na Gaeilge Tionól Gaeltachta le roinnt blianta anuas. ‘Saoire Gaeltachta’ a thugann siad air, deireadh seachtaine fada i gceantar Gaeltachta eicínt. I gceantar Chonmara Láir atá ceann na bliana seo ar bun agus tá clár bríomhar, ilghnéitheach beartaithe acu.

Beidh Seimineár an Tionóil ar bun ar an Aoine i nGairmscoil na bPiarsach i Ros Muc ag 8.00 i.n. *Tithíocht sa nGaeltacht: Cruachas le Réiteach* an téama tráthúil a bheas á chíoradh ag Róisín Ní Chinnéide, Cian Ó Fátharta, James Nerney agus Máirín Ní Choistealbha-Seoighe faoi chathaoirleacht Mháirín Ní Ghadhra ó RTÉ Raidió na Gaeltachta.

Beidh coirmcheoil bhreá ar bun ar oíche an tSathairn ag 8.00 i.n in Ionad Chuimniúcháin na nImirceach i gCarna agus ’sí Máire Áine Ní Chuaig a bheas mar bhean an tí. Ceiliúradh ar shaibhreas an cheoil thraidisiúnta áitiúil, ar dhamhsa agus ar amhránaíocht a bheas sa gcoirmcheoil idirghlúine seo.

Tá saorchead isteach ag na himeachtaí ar fad.









# Ciste Pobail Chomhar Creidmheasa Cholm Cille

D'fhógair Comhar Creidmheasa Cholm Cille (CCCC) Ciste nua Pobail de €50K ag tús na bliana seo. Bunaíodh an Ciste Pobail le tacaíocht airgeadais a chur ar fáil do ghrúpaí pobail agus d'eagraíochtaí, chun tograí ar leith a mhaoiniú.

Bhí deis ag grúpaí deonacha nó eagraíochtaí atá lonnaithe i gceantar feidhme CCCC iarratais a dhéanamh.

Theastaigh ón gComhar Creidmheasa cúnamh a thabhairt le togra/tograí áirithe a chur chun cinn a bheadh chun leasa an phobail, a bheadh inmharthana ó thaobh airgeadais de agus a bheadh inbhuanaitheach go fadtéarmach.

Tionscadail ar íosmhéid de €10,000 a bhí i gceist, suim shuntasach le go mbeadh tionchar shuntasach ag na tionscadail. D'éirigh le chúig eagraíocht maoiniú de €10,000 an ceann a fháil.

Tá dhá cheann de na heagraíochtaí ar bronnadh maoiniú orthu ag gníomhú in LPT Chois Fharraige. Bronnadh €10,000 ar Choiste Thuismitheoirí Scoil Cholm Cille Ros an Mhíl le síneadh a chur leis an scoil agus le halla spóirt a thógáil. Bronnadh an tsuim chéanna ar Halla na bhForbacha le huasghrádú a dhéanamh ar an gcóras leictreachais agus soilse sa Halla.

Treise leo ar fad! Ní neart go cur le chéile.







Grianghraif: Seán Ó Mainnín.

**Ar chlé:** Coiste Halla na bhForbacha – Colm Ó Cinnseala, Murt Ó Cualáin, Seán Breathnach, Bertie Ó Concheanainn agus Síle Ní Chonghaile.

**Ar dheis:** Coiste Scoil Ros an Mhíl – Micheál Ó Conghaile, Síle Nic Con Iomaire, Máire T Uí Loideáin, Mairéad Breathnach, Máirín Breathnach Uí Nia, Niamh Nic Dhonncha agus Aoife Ní Chéide.

Deborah Ní Ghibne, Cathaoirleach CCCC, atá ar dheis sa dá phictiúr.